# DEONTAS DO DHAOINE IN AOIS A gCÉID
# FOIRM IARRATAIS

**Is é an deontas do dhaoine in aois a gcéid an íocaíocht a dhéanann an tUachtarán le:**

**(i) Daoine atá ina gcónaí in Éirinn a bhfuil 100 bliain d'aois bainte amach acu**
**(ii) Saoránaigh na hÉireann a rugadh ar oileán na hÉireann a bhfuil 100 bliain d'aois bainte amach acu agus atá ina gcónaí taobh amuigh den Stát.**

**Ba cheart do na daoine sin i gcatagóir (ii) nó a n-ionadaithe an fhoirm iarratais seo a chomhlánú.**

**PRIONTÁIL GO SOILÉIR I mBLOCLITREACHA, MÁS É DO THOIL É.**

**Tá na cáipéisí tacaíochta seo a leanas ag teastáil chun aois, aitheantas, áit bhreithe agus saoránacht Éireannach an iarratasóra a dheimhniú:**

- **Teastas breithe sibhialta agus/nó pas Éireannach an iarratasóra;**
- **I gcás nach ionann sloinne an iarratasóra agus a shloinne breithe, cuir cóip den teastas pósta nó aon cháipéis ábhartha eile ar fáil, más é do thoil é;**
- **Dhá chruthúnas cónaitheachta a eisíodh le déanaí (amhail comhfhreagras oifigiúil a seoladh chuig an iarratasóir i dtaca le pinsean, billí fóntais, páipéarachas ó theach altranais, etc.). Ní mór don cháipéis chónaitheachta a bheith eisithe sa tréimhse 3 mhí roimhe seo.**
- **Maidir le hiarratasóirí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá nó le hiarratasóirí ar mhaith leo go n-íocfaí an deontas trí Ríomhaistriú Airgid, ní mór sonraí pearsanta chuntas bainc an iarratasóra mar aon le cruthúnas a sholáthar, e.g. comhfhreagras ón mbanc ina bhfuil ainm, seoladh agus uimhir chuntas bainc an iarratasóra.**

**Ní mór buncháipéisí a sholáthar, ní ghlacfar le fótacóipeanna.**

**Maidir le hiarratasóirí ó na Stáit Aontaithe, íoctar an Deontas trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) chuig cuntas an iarratasóra.**

**Maidir le hiarratasóirí ó gach tír eile, is féidir go n-íocfaí an deontas:**
**(a) isteach ina gcuntas bainc trí Ríomhaistriú Airgid (EFT), nó**
**(b) le seic airgeadra áitiúil iníoctha leis an iarratasóir.**

**Dá bhrí sin, sula n-íoctar aon Deontas, ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil cuntas airgid acu ina n-ainm féin ar féidir an íocaíocht deontais a lóisteáil ann.**

**D'fhéadfadh sé go lorgódh oifigigh ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ábhar breise chun sonraí iarratasóra a dhearbhú agus bheidís toilteanach an cineál ábhair a chomhlíonann an riachtanas i dtaca le cáipéisí tacaíochta a phlé le hiarratasóirí, nó lena n-ionadaithe.**

**Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe agus na cáipéisí tacaíochta a sheoladh chuig:**

**AN AMBASÁID/ AN CHONSALACHT GHINEARÁLTA IS GAIRE (Sonraí ar fáil ar www.dfa.ie) nó**
**Deontas an Chéid**
**An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála**
**80 Faiche Stiabhna**
**Baile Átha Cliath 2**
**Éire**
**Teil: (+353 1) 4780822**
**Facs: (+353 1) 4082026**

# FOIRM IARRATAIS AR DHEONTAS DO DHAOINE IN AOIS A gCÉID
(D'IARRATASÓIRÍ INA gCÓNAÍ TAOBH AMUIGH DEN STÁT)

## 1. SONRAÍ AN IARRATASÓRA

**Ainm** ______________________________________________________________

**Ainm Breithe** *(murab ionann agus an ceann thuas)*

______________________________________________________________

**Dáta Breithe** ____________/_____________/__________
*(lá)* *(mí)* *(bliain)*

**Áit Bhreithe** ______________________________ ______________________________
*(baile)* *(contae)*

**Seoladh Cónaithe faoi láthair**

______________________________________________________________
*(cuir isteach cód poist más cuí)*
______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Tír Chónaithe** ______________________________________________________________

**Uimhir Theileafóin.**
______________________________________________________________
*(cuir isteach cód diailithe idirnáisiúnta, más é do thoil é)*

## 2. SONRAÍ IONADAÍ AN IARRATASÓRA

**Ainm** ______________________________________________________________

**Déan cur síos ar an ngaol leis an iarratasóir**__________ ________________________________
*(e.g. duine den chlann, cara, bainisteoir teach altranais, etc.)*

**Seoladh**______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Uimhir Theileafóin** ______________________________________________________________
*(cuir isteach cód diailithe idirnáisiúnta, más é do thoil é)*

**Seoladh r-phoist** *(más ann dó)* ______________________________________________________________

## 3. SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA

### Iarratasóirí a íocfar trí Ríomhaistriú Airgid(EFT)

**Maidir le hiarratasóirí a íocfar trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) luaigh ainm agus seoladh an iarratasóra mar a shonraítear ar a chuntas bainc.**

**Ainm** ______________________________________________________________

**Seoladh**____________________________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

### Iarratasóirí ó Stáit Aontaithe Mheiriceá

Ní mór d'iarratasóirí ó na Stáit Aontaithe a sonraí pearsanta i dtaca lena gcuntas bainc mar aon le cruthúnas a sholáthar mar go lóisteálfar an deontas go díreach isteach ina gcuntas trí Ríomhaistriú Airgid (EFT).

**Ainm an tSealbhóra Cuntais***__________________________________________

**Uimhir Chuntas Bainc**_______________________________________________

**Uimhir Ródúcháin**__________________________________________________

**Ainm agus Seoladh Bainc** ____________________________________________

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

***Ní mór gurb ionann é agus an t-iarratasóir**

### Iarratasóirí nach ó na Stáit Aontaithe iad

**Roghnaigh rogha 1 nó rogha 2**

**Rogha 1:**

Más mian leat go n-eiseofaí an deontas mar sheic tríú páirtí in ainm an iarratasóra, dearbhaigh, más é do thoil, tríd an mbosca a thiceáil go bhfuil Socruithe Airgeadais faoi réir chun an Deontas a lóisteáil.

☐

**Má roghnaíonn tú rogha 1, cuir in iúl an gcuirfear an seic go díreach chuig Seoladh Cónaithe Reatha an Iarratasóra nó chuig seoladh an Ionadaí, más é do thoil é**

**________________________________________________________________**

**Rogha 2: Más mian leat go n-íocfaí an deontas trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) go díreach isteach i do chuntas bainc, comhlánaigh é seo a leanas, más é do thoil é:**

**Ainm an tSealbhóra Cuntais*_______________________________________________________**

**Cód Sórtála Bainc ________________________________________________________________**

**Uimhir Chuntas Bainc ____________________________________________________________**

**Ainm agus Seoladh Bainc _________________________________________________________**

**________________________________________________________________________________**

**________________________________________________________________________________**

**Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN)__________________________________________**

**Cód Aitheantais Bainc SWIFT (BIC)________________________________________________**

*** Ní mór gurb ionann é agus ainm an iarratasóra**

## 4. DEARBHÚ AN IARRATASÓRA/ AN IONADAÍ

Is saoránach Éireannach a rugadh ar oileán na hÉireann mise, _______________________________,
*(priontáil ainm an iarratasóra)*

agus déanaim iarratas leis seo ar Dheontas an Chéid. Deimhním go bhfuil na sonraí atá curtha ar fáil agam san iarratas seo fíor agus ceart.

**Síniú an Iarratasóra ____________________________________ Dáta __________________**

Mura bhfuil an dearbhú thuas sínithe ag an Iarratasóir, mínigh cén fáth, más é do thoil é,

________________________________________________________________________________

agus ní mór don ionadaí an chuid thíos díreach faoi seo a chomhlánú.

Cuirimse, _____________________________________________, isteach an t-iarratas seo
*(priontáil ainm an iarratasóra)*

ar son an iarratasóra,

______________________________________________________________
*(priontáil ainm an iarratasóra)*

ar saoránach Éireannach é/í a rugadh ar oileán na hÉireann. Deimhním go bhfuil na sonraí atá curtha ar fáil agam san iarratas seo fíor agus ceart.

**Síniú an Ionadaí ________________________________Dáta __________________**

## 5. DEARBHÚ TACAÍOCHTA

***Nóta don Fhinné:*** *Ná sínigh mura bhfuil tú sásta le haitheantas an iarratasóra,* ***ní an t-ionadaí****. D'fhéadfaí dul i dteagmháil leat chun bailíocht do shínithe a dheimhniú. Ba cheart go gcomhlánfadh duine a bhaineann le ceann de na gairmeacha seo an chuid seo,* ***nach bhfuil gaolmhar agus atá i mbun cleachtaidh ina réimse:***

*Oifigeach Póilíní, Ball den Chléir, Dochtúir Leighis, Dlíodóir, Bainisteoir/Leas-Bhainisteoir Bainc, Ionadaí Poiblí, Nótaire Poiblí/CoimisinéirMionnaí, Feidhmeannach Síochána, Príomhoide/Leas-Phríomhoide Scoile, Bainisteoir Ionad na hÉireann/Eagraíocht Chúram Phobail,Oifigeach Taidhleoireachta na hÉireann nó Oifigeach Consalachta*

Dearbhaím go bhfuil aithne agam ar an Iarratasóir

______________________________________________________

*(priontáil ainm an iarratasóra)*

Agus go bhfuil cónaí air/uirthi ag an seoladh a tugadh i gCuid 1 den fhoirm iarratais seo. Síníodh an Dearbhú thuas (Cuid 4) i mo láthair.

**Ainm** ____________________________ **Síniú**____________________________________

**Gairm Bheatha**_________________________ **Uimh. Theil Theagmhála**__________________

**Dáta fianaithe an iarratais**________________________

| Stampa Oifigiúil an Fhinné<br><br><br><br>(*más ann dó*) |
|---|

Seol ar ais an fhoirm iarratais chomhlánaithe seo, más é do thoil é, mar aon leis na doiciméid riachtanacha a dhearbhaíonn aois, aitheantas, áit bhreithe, áit chónaithe reatha agus saoránach Éireannach an iarratasóra. Tabhair ar d'aire nach nglacfar le fótacóipeanna.

SEICLIOSTA:

☐ **Teastas Breithe Sibhialta**
☐ **Teastas Pósta**
☐ **Dhá chruthúnas cónaithe a eisíodh sa tréimhse 3 mhí roimhe seo (billí fóntais, litreacha pinsin, etc.)**
☐ **Teastaíonn sonraí bainc agus cruthúnas cuntas bainc, e.g. comhfhreagras ón mbanc a thaispeánann ainm, seoladh agus uimhir chuntais an iarratasóra, más iarrthóir ó na Stáit Aontaithe tú nó más mian leat go n-íocfaí trí Ríomhaistriú Airgid thú.**